# 9 dTreochtaí Inbhuanaitheachta le bheith ag Dréim Leo in Ollmhargaí na hÉireann in 2024

## 1 Meon miodíola ciorclach

Meon miondíola ciorclach
Is é is aidhm don gheilleagar ciorclach dramhaíl a sheachaint. Ciallaíonn sé freisin tacaíocht a thabhairt do shiopadóirí roghanna ceannaigh a dhéanamh a gcuid bia a laghdú trí réitigh ar nós pacáiste níos lú agus siopadóirí a spreagadh gan ach an méid a theastaíonn uathu agus a úsáidfidh siad sa bhaile a cheannach d'aon turas.

## 2 Ag tacú leis na roghanna cearta

Tá go leor miondíoltóirí ag moladh na treorach 'triail é roimh a cheannach' agus iad ag tairiscint níos mó samplála táirgí do shiopadóirí, chun ligean dóibh roghanna eolasacha a dhéanamh faoi tháirge sula gceannóidh siad é.

## 3 Ná cuirtear amú, is ní bheifear gann

Ba cheist mhór í cur amú bia ariamh anall ach ceann de na bealaí nuálaíocha ina mbíonn miondíoltóirí ag laghdú cur amú bia agus ag déanamh ioncaim is ea iad dul i gcomhpháirtíocht ar sheirbhísí aipeanna amhail Too Good To Go, a cheanglaíonn custaiméirí le bialanna agus siopaí a bhfuil barrachas bia neamhdhíolta acu

## 4 Iontach ach aisteach

Trí 'boscaí aisteacha' a chruthú, úsáideann soláthraithe agus miondíoltóirí táirgí a d'fhéadfadh a bheith sa líonadh talún, ag tabhairt deis do shiopadóirí rudaí 'aisteacha' a roghnú agus leas a bhaint as lascainí siopadóra ina leith. Nuair a tháinig mé ar an gcoincheap seo ar dtús is torthaí agus glasraí feirmeoirí a bhí i gceist, tá sé anois le feiceáil i gcatagóir eile amhail milseogra. Bí ag súil le níos mó 'boscaí/táirgí aisteacha' in 2024.

## 5 Timpeallachtaí an tsiopa mhodúlaigh

Is rogha shoiléir í an chomharthaíocht dhigiteach, toisc go gcuireann sé deireadh le páipéar, dúch, péint agus ceimiceáin a úsáid go rialta le haghaidh comharthaí fisiciúla. úsáideann comharthaíocht taispeántais DAS suas le 50% go 70% níos lú leictreachais ná a macasamhail dhigiteach thraidisiúnta. Bí ag súil le leathadh níos mó de chomharthaíocht dhigiteach DAS in asraonta miondíola in 2024.

## 6 A bheith trédhearcach le siopadóirí

Ba cheart cóid MF a úsáid in aice le táirge. Tá sé sin anois ina dhóigh éifeachtach chun tuilleadh eolais a thabhairt do shiopadóirí faoi na táirgí a cheannaíonn siad – cé chomh heiticiúil is atá siad, na comhábhair, an t-inneachar, agus fiú bealaí chun táirgí a úsáid.

## 7 Miondíol pobal inbhuanaithe

I mí Iúil 2023, ba í Cill Airne an chéad chathair in Éirinn chun cosc a chur ar chupáin chaife aon úsáide, agus sprioc acu deireadh a chur le níos mó ná milliún coimeádán aon úsáide ó chórais diúscartha áitiúla fuílligh.Is dearfach ar fad a bhí na torthaí tosaigh. Éiríonn go maith leis an gcineál seo iarrachta ach miondíoltóirí teacht le chéile chun plean comhtháite a dhéanamh. Ar fud an domhain, tá an miondíol pobalbhunaithe seo ag éirí níos coitianta, mar sin bímis ag súil le níos tionscnaimh réamhghníomhacha a fheiceáil á stiúradh ag pobail.

## 8 Iarrachtaí inbhuanaithe foirne

Is féidir a bheith ag súil le níos mó béim ar oiliúint foirne chun cabhrú le hathrú inbhuanaithe iompraíocht siopadóirí. Agus an fócas ar chur i bhfeidhm na SÉA*, ón 1 Feabhra 2024, agus spotsolas ar chupáin chaife aonúsáide agus a dtionchar ar an gcomhshaol, tá sé chun leas na miondíoltóirí úsáid a bhaint as comhthéacs an SÉA chun oiliúint a chur ar bhaill foirne chun cabhrú le hiompraíocht inbhuanaithe siopadóirí, amhail cupáin a choinnítear a úsáid, 'cinn fholmha' a chur ar ais, srl.

## 9 Miondíol dírithe ar dhaoine

Tá a fhios ag miondíoltóirí cliste gur bacainn mhór ag roinnt siopadóirí a bheith i gcathaoir rothaí, agus lagú radharc nó céadfach a bheith ag duine nó fiú ag iarraidh leanaí i naíchóiste a thabhairt isteach sa timpeallacht mhiondíola agus is minice nach mbacann siad le roinnt siopaí mar gheall air sin. Bí ag súil le hiarrachtaí níos 'cuimsithí' a fheiceáil i measc miondíoltóirí in 2024, le tionscnaimh amhail trádáil tiomnaithe, ar feadh uair an chloig, don té a bhfuil uathachas air, iarrachtaí pobaldírithe chun cabhrú le siopadóirí scothaosta, agus fiú rannóg ar leith a bheith acu taobh amuigh de shiopaí le haghaidh 'páirceáil madraí'.

(Athchóirithe ón *9 Sustainability Trends To Watch Out For In Irish Supermarkets In 2024,* December 06, 2023)
*SÉA = Scéime Éarlaise agus Aisíoca (SÉA),

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers